snas TV NUACHT TG4

# Téamh Domhanda

Leibhéal B1

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoin téamh domhanda (*global warming*) san Eoraip. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile. Líonaigí isteach an tábla **stór focal** freisin le linn na cainte.


| Na focail atá agat: | Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim: |
|---|---|
| téamh domhanda<br>ardú … | *getting hotter, at a faster rate,*<br>*continent …* |

1. Féach ar na híomhánna seo a bheidh le feiceáil sa mhír ar ball. Cad a léirítear iontu?
2. Conas a mhothaíonn tú agus tú ag breathnú ar na híomhánna seo?





3. Cuir lipéid ar na mór-ranna thíos.



1. An Áise
2. An Afraic
3. Meiriceá Thuaidh
4. Meiriceá Theas
5. Antartaice
6. An Eoraip
7. An Astráil

# B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

| | |
|---|---|
| 1. tionchar an teasa | a. *report* |
| 2. tuarascáil | b. *heatwaves* |
| 3. níos teo | c. *average increase* |
| 4. athrú aeráide | d. *a bleak summary* |
| 5. meitéareolaíoch | e. *warmer* |
| 6. meán-ardú | f. *floods* |
| 7. ilchríocha | g. anti-global warming policies |
| 8. achoimre ghruama dhuairc | h. *effect of the heat* |
| 9. falscaí | i. *meteorological* |
| 10. tonnta teasa | j. *wildfire* |
| 11. tuilte | k. *continents* |
| 12. beartais frith-théimh dhomhanda | l. *climate change* |

| 1. | 2. | 3. | 4. | 5. | 6. | 7. | 8. | 9. | 10 | 11 | 12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | | |

2. Cad is brí leis an bhfocal seo a tháinig aníos i gceachtanna *SnasTV Nuacht* cúpla seachtain ó shin – **drochbhail**? ________________________________________

3. Cad is brí leis an téarma **in éindí**? An bhfuil leagan eile den téarma sin agat féin? ________________________________________

4. Ciallaíonn ‘go huile agus go hiomlán’ **ar fad** nó **amach is amach**. Cén fáth a mbaintear úsáid as dhá fhocal chun rud amháin a rá, dar leat? Cad is brí leis na cinn choitianta seo – clú agus cáil / fite fuaite? ________________________________________

## C: TUISCINT

1. Féach ar an mír den chéad uair agus freagair na ceisteanna thíos.

| | |
|---|---|
| a) | Cé a d'fhoilsigh an tuarascáil *Copernicus*? Cad a deirtear faoin Eoraip inti? |
| | |
| b) | Líon an bhearna: Tá ardú ________ tagtha ar líon na mbásanna de bharr teasa le 20 bliain. |
| | |
| c) | Cén fáth ar luadh na figiúirí seo a leanas? Meaitseáil na figiúirí ar chlé leis na fíricí ar dheis: |

| | |
|---|---|
| 70,000 | daoine a cailleadh i dtuilte agus i dtinte |
| 63 | an méid a chosain an damáiste de bharr móreachtraí aimsire |
| 44 | daoine san AE a fuair bás de bharr ardú teochta |
| €13.4 billiún | daoine a cailleadh i stoirmeacha |

| | |
|---|---|
| d) | Deir Peadar Ó Fionnáin gurb ionann an nádúr agus an duine. Fíor nó bréagach? |
| | |
| e) | Ba iad na tinte ba mhó a bhí freagrach as an dochar costasach. Fíor nó bréagach? |
| | |
| f) | An leor na beartais frith-théimh dhomhanda atá á gcur i bhfeidhm faoi láthair? |
| | |

2. Féach ar an mír den dara huair agus bain úsáid as na focail Ghaeilge faoi B: FOCLÓIR chun na bearnaí a líonadh sa script.

- Tá mór-roinn na hEorpa ag éirí ________________ de réir ________________ nua.
- Tá na ________________ agus na ________________ ag éirí níos measa agus níos minice.
- Is ionann an focal ________________ agus tine an-dainséarach a thosaíonn sa nádúr.
- Tá 30% tagtha ar líon na mbásanna a bhain le ________________.
- D'fhoilsigh an tEagras ________________ Domhanda an tuairisc in éineacht leis an AE.
- Is ionann an focal 'mór-ranna' agus an focal '________________'.
- Is seirbhís an Aontais Eorpaigh ar ________________ é *Copernicus*.
- Tá an ________________ teasa níos lú ar na hilchríocha eile ar fud an domhain.
- Ní leor na ________________ atá á gcur i bhfeidhm faoi láthair chun dul i ngleic leis na teochtaí arda.
- ________________ atá sa tuarascáil *Copernicus*.

# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (Breischéim na haidiachta)

a) Líon na bearnaí sna habairtí ón script leis an bhfoirm cheart den aidiacht. Mura bhfuil tú cinnte féach ar an mír arís.

- Tá mór-roinn na hEorpa ag éirí níos __________ (te), níos __________ (tapúil) ná aon mhór-roinn eile ar domhan.
- Tá na tonnta teasa ag éirí níos __________ (géar) agus ag tarlú níos __________ (minic).

b) Líon na bearnaí seo thíos anois leis an leagan ceart de gach aidiacht choitianta.

- Is maith liom an Ghaeilge agus an Fhraincis ar scoil, ach tá an Ghaeilge níos __________ (deacair).
- Is é mo bharúil gur aisteoir níos __________ (maith) é Andrew Scott ná Paul Mescal.
- Tá i bhfad níos __________ (beag) ama i gceist le haiste a scríobh anois, a bhuí le IS.
- Tá daoine níos __________ (saibhir) inniu ná mar a bhí riamh.
- Tá an chuid is mó de mo chuid cairde níos ________ (sean) ná mise.
- Is é Sliabh Everest an sliabh is ________ (ard) ar domhan.

c) Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí comparáid idir na nithe seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Taylor Swift | *vs* | Madonna |
| a bheith róthe | *vs* | a bheith rófhuar |
| cait | *vs* | madraí |
| stair | *vs* | tíreolaíocht |
| Instagram | *vs* | TikTok |

## 2: Saibhreas teanga agus cúrsaí foghraíochta (sciobtha)

a) Chonaic muid faoi B: FOCLÓIR go mbaintear úsáid as dhá focal sa Ghaeilge go minic chun cur síos a dhéanamh ar choincheap amháin ('go huile agus go hiomlán'). Cad is brí leis an gceann seo:

**sciobtha scuabtha**

b) Téigí go dtí www.teanglann.ie/ga/fuaim/ chun éisteacht leis an tslí a bhfuaimnítear an dá fhocal thuas. Cad atá aisteach faoin tslí a bhfuaimnítear iad? Pléigh do chuid tuairimí leis an duine in aice leat.

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint

Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa agus pléigí an cheist thíos le chéile. Roghnaígí duine amháin chun nótaí a ghlacadh agus duine eile chun na pointí a phléigh sibh le chéile a chur i láthair an ranga.

Conas a bheidh an saol laethúil difriúil sna blianta atá amach romhainn má leanann an t-athrú aeráide ar aghaidh?



(Beidh … / Ní bheidh… / níos _________)

## 2: Scríobh

Scríobh litir ghearr chugat féin nach n-osclóidh tú go ceann 10 mbliana. Déan cur síos sa litir sin ar an tslí a mbeidh do shaol difriúil, ó thaobh cúrsaí timpeallachta de, ón saol atá agat anois. Níl ann ach tuairimíocht, ar ndóigh, ach beidh sé suimiúil a fheiceáil an raibh an ceart agat nuair a osclóidh tú an litir i gceann 10 mbliana.

| |
|---|
| *Is dócha nach mbeidh gluaisteán agam mar beidh praghas ró-ard ar bhreosla.* |
| *Beidh rothar leictreach agam agus cóta maith báistí.* |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

## 3. Cad a d'fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d'fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí **A: MACHNAMH** chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

| Na focail agus frásaí nua atá anois foghlamtha agat: |
| --- |
| |

# AN SCRIPT

**Siún Nic Gearailt**
Tá ardú 30% tagtha ar líon na ndaoine a fuair bás de bharr thionchar an teasa san Eoraip le fiche bliain anuas. Sin de réir tuarascáil nua de chuid an Eagrais Mheitéareolaíoch Dhomhanda. Léirítear inti leis go bhfuil mór-roinn na hEorpa ag éirí níos teo, níos tapúla ná aon mhór-roinn eile ar domhan.

**Caoimhe Ní Laighin**
Seirbhís an Aontais Eorpaigh ar athrú aeráide, *Copernicus*, a thug faoin tuarascáil seo in éindí leis an Eagras Meitéareolaíoch Domhanda. Léirítear inti go bhfuil mór-roinn na hEorpa ag éirí níos teo ag ráta dhá oiread níos sciobtha ná an meán-ardú ar ilchríocha eile ar fud an domhain.

Achoimre ghruama dhuairc atá ann ar an drochbhail atá ar chúrsaí aeráide i láthair na huaire. Le scór bliain anuas tá ardú 30% tagtha ar líon na mbásanna a bhain le tionchar an teasa. Os cionn 70,000 duine a fuair bás san Eoraip in 2022 dá bharr. 63 duine a cailleadh i stoirmeacha, 44 i dtuilte agus 44 i dtinte.

**An Comhairleoir Peadar Ó Fionnáin, Dochtúir Teaghlaigh, Daingean Uí Chúis.**
Tá an duine ag brath ar an nádúr go huile agus go hiomlán. Tá gach aon rud eile ceangailte leis an nádúr. Agus ní féidir linn a bheith ag caint ar son an nádúir agus i gcoinne na ndaoine nó ar son na ndaoine agus i gcoinne an nádúir mar is é an rud céanna atá i gceist againn.

**Caoimhe Ní Laighin**
Tá tonnta teasa ag éirí níos géire agus ag tarlú níos minice. Meastar sa tuarascáil go ndearnadh €13.4 billiún de dhamáiste le linn móreachtraí aimsire in 2023. Ba iad tuilte ba mhó a bhí freagrach as dochar costasach.

Ní leor na beartais frith-théimh dhomhanda atá á gcur i bhfeidhm de réir na tuarascála agus leanfar den ardú ar theochtaí.

Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4.


## NÓTAÍ & FREAGRAÍ

### A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí 'machnamh' a dhéanamh faoin méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin – ach níos tábhachtaí fós de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht. Beidh deis acu machnamh a dhéanamh faoin méid atá foghlamtha acu ag deireadh an ranga.

Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin. Tuairimíocht atá ann den chuid is mó, ach:




1. An Áise
2. An Afraic
3. Meiriceá Thuaidh
4. Meiriceá Theas
5. Antartaice
6. An Eoraip
7. An Astráil

### B: FOCLÓIR

1. Féach:

| | |
|---|---|
| tionchar an teasa | *effect of the heat* |
| tuarascáil | *report* |
| níos teo | *warmer* |
| athrú aeráide | *climate change* |
| meitéareolaíoch | *meteorological* |
| meán-ardú | *average increase* |
| ilchríocha | *continents* |
| achoimre ghruama dhuairc | *a bleak summary* |
| falscaí | *wildfire* |
| tonnta teasa | *heatwaves* |
| tuilte | *floods* |
| beartais frith-théimh dhomhanda | *anti-global warming policies* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| h | a | e | l | i | c | k | d | j | b | f | g |

2. Drochbhail = *bad condition.*
3. In éineacht le; le chéile.
4. Nuair a bhíonn rithim, uaim agus comhfhuaim idir dhá fhocal cuireann sé béim ar an méid atá le rá. Clú agus cáil – *fame*; fite fuaite – *interwoven*.

**C: TUISCINT**

1. Féach ar an script.
2. Féach:

- Tá mór-roinn na hEorpa ag éirí **níos teo** de réir **tuarascáil** nua.
- Tá na **tonnta teasa** agus na **tuilte** ag éirí níos measa agus níos minice.
- Is ionann an focal **falscaí** agus tine an-dainséarach a thosaíonn sa nádúr.
- Tá méadú 30% tagtha ar líon na mbásanna a bhain le **tionchar an teasa**.
- D'fhoilsigh an tEagras **Meitéareolaíoch** Domhanda an tuairisc in éineacht leis an AE.
- Is ionann an focal 'mór-ranna' agus an focal '**ilchríocha**'.
- Is seirbhís an Aontais Eorpaigh ar **athrú aeráide** é *Copernicus*.
- Tá an **meán-ardú** teasa níos lú ar na hilchríocha eile ar fud an domhain.
- Ní leor na **beartais frith-théimh dhomhanda** atá á gcur i bhfeidhm faoi láthair chun dul i ngleic leis na teochtaí arda.
- **Achoimre ghruama dhuairc** atá sa tuarascáil *Copernicus*.

**D: FEASACHT TEANGA**

## 1: Cruinneas gramadaí (Breischéim na haidiachta)

a) Féach:
- Tá mór-roinn na hEorpa ag éirí níos **teo**, níos **tapúla** ná aon mhór-roinn eile ar domhan.
- Tá na tonnta teasa ag éirí níos **géire** agus ag tarlú níos **minice**.

b) Féach:
- Is maith liom an Ghaeilge agus an Fhraincis ar scoil, ach tá an Ghaeilge níos **deacra**.
- Is é mo bharúil gur aisteoir níos **fearr** é Andrew Scott ná Paul Mescal.
- Tá i bhfad níos **lú** ama i gceist le haiste a scríobh anois, a bhuí le IS.
- Tá daoine níos **saibhre** inniu ná mar a bhí riamh.
- Tá an chuid is mó de mo chuid cairde níos **sine** ná mise.
- Is é Sliabh Everest an sliabh is **airde** ar domhan.

c) Tuairimíocht atá i gceist.

## 2: Saibhreas teanga agus cúrsaí foghraíochta (sciobtha)

a) sciobtha scuabtha = *spick and span.*
b) Fuaimnítear an **b** mar **p** san aidiacht bhriathartha.

**E: CUMARSÁID**

**1: Caint**

Tabhair deis do gach grúpa an cheist a phlé le chéile sula bpléifidh tusa an cheist leis an rang iomlán.

**2: Scríobh**

Iarr orthu litir a scríobh chucu féin faoin dóigh a mbeidh a saol difriúil i gceann 10 mbliana.

**3: Cad a d'fhoghlaim tú?**

Tabhair deis do na foghlaimeoirí nóta a dhéanamh de na rudaí nua atá foghlamtha acu. Bí cinnte go dtéann siad siar go dtí cuid A.

Curtha ar fáil ag Ollscoil Mhá Nuad (Ollscoil na hÉireann Má Nuad) | Lárionad na Gaeilge (Taighde, Teagasc & Tástáil) le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

TG4